# CINNEADH (CBES) 2021/711 ÓN gCOMHAIRLE

## an 29 Aibreán 2021

## lena leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Aibreán 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/184/CBES [1], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2013/184/CBES, ba cheart na bearta sriantacha a athnuachan go dtí an 30 Aibreán 2022.

(3) I gcás dhá liostú, tá faisnéis nuashonraithe faighte.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/184/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2013/184/CBES mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

*"Airteagal 12*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 30 Aibreán 2022. Déanfar athbhreithniú leanúnach air. Déanfar é a athnuachan, nó a leasú de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh a chuspóirí.";

(2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 29 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. P. ZACARIAS

---

[1] Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma (IO L 111, 23.4.2013, lch. 75).

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 4 agus 10 ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES:

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "4. | Aung Aung | Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais mhíleata: BC 23750 | Tá an Maor-Ghinearál Aung Aung ina Cheannasaí ar an South Western Command de chuid na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw) agus ina iar-Cheannasaí ar an 33rd Light Infantry Division de chuid na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Ina fhianaise sin, is eisean atá freagrach as na hainghníomhartha agus na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne an 33rd Light Infantry Division in aghaidh phobal Rohingya i Stát Rakhine sa dara leath de 2017. Airítear ar na hainghníomhartha sin marú neamhdhleathach, foréigean gnéasach, agus an loscadh córasach a rinneadh ar thithe agus ar fhoirgnimh in Rohingya. | 25.6.2018 |
| 10. | Khin Hlaing | Dáta breithe: 2 Bealtaine 1968<br>Inscne: fireann | Is é an Maor-Ghinearál Khin Hlaing Ceannasaí Réigiún an Triantáin ar na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Tá sé ina iar-Cheannasaí ar an 99th Light Infantry Division (LID) agus bhí sé ina Cheannasaí ar an North-eastern Command de chuid na Myanmar Armed Forces (Tatmadaw). Ina cháil mar Cheannasaí ar an 99th Light Infantry Division (LID), rinne sé maoirseacht ar oibríochtaí míleata a rinneadh i Stát Shan in 2016 agus go luath in 2017. Ina fhianaise sin, is eisean atá freagrach as na hainghníomhartha agus na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a rinne an 99th LID in aghaidh mhionlaigh eitneacha na sráidbhailte i Stát Shan sa dara leath de 2016. Áirítear ar na hainghníomhartha sin marú neamhdhleathach, coinneáil éigeantach agus scriosadh sráidbhailte. | 21.12.2018" |